RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1041 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Bealtaine 2023

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh 'TWP 094' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid [1], agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Samhain 2018, chuir TROY CHEMICAL COMPANY BV iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 le haghaidh údarú Aontais le haghaidh táirge bithicídeach ar a dtugtar TWP 094 de chineál táirge 8, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug sé deimhniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na Danmhairge meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Taifeadadh an t-iarratas faoi chás-uimhir BC-QN044827-14 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is é búitiolcarbamáit 3-iada-2-próipinile (IPBC) an tsubstaint ghníomhach atá in TWP 094, substaint a chuimsítear i liosta an Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 le haghaidh chineál táirge 8.

(3) An 7 Eanáir 2022, rinne an t-údarás inniúil meastóireachta tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(4) An 5 Iúil 2022, chuir an Ghníomhaireacht a tuairim [2] faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, sin agus an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh ('SPC') atá ag 'TWP 094', maille leis an tuarascáil mheasúnaithe dheiridh ar an bhfine táirgí bithicídeacha.

(5) Is é conclúid na tuairime gur táirge bithicídeach é TWP 094 de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil sé incháilithe d'údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh an dréacht-SPC, go sásaíonn sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) den Rialachán sin.

(6) An 18 Lúnasa 2022, rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a tharchur chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú Aontais le haghaidh TWP 094 a dheonú.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Tuairim ó ECHA an 16 Meitheamh 2022 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh TWP 094 (ECHA/BPC/348/2022), https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

(8) Ina tuairim, sonraíonn an Ghníomhaíocht gur coinníoll den údarú é go ndéanfaidh sealbhóir an údaraithe tástáil stórála fadtéarmaí ag teocht chomhthimpeallach ar TWP 094 agus go soláthraíonn sé tástáil ar chúradh leanúnach agus tástáil ar mhéid an tuaslagtha agus cobhsaíocht an chaolúcháin le haghaidh chineál ullmhóide tiúchana intuaslagtha an táirge. Ba cheart seilfré bliain amháin an táirge bhithicídigh a dheimhniú le torthaí na tástála stórála fadtéarmaí, seilfré a deonaíodh bunaithe ar thástáil cobhsaíochta luathaithe le linn stórála agus ar na torthaí eatramhacha ó thástáil cobhsaíochta le linn stórála fadtéarmaí ag teocht chomhthimpeallach. An fhaisnéis atá le soláthair maidir le cúradh leanúnach agus méid an tuaslagtha agus cobhsaíocht an chaolúcháin, ba cheart airíonna teicniúla an táirge le haghaidh chineál ullmhóide tiúchana intuaslagtha an táirge a dheimhniú leis an bhfaisnéis sin.

(9) Aontaíonn an Coimisiún le tuairimí na Gníomhaireachta agus measann sé gur cheart cur isteach thorthaí na tástála agus na faisnéise le haghaidh an chineáil ullmhóide tiúchana intuaslagtha a bheith ina choinníoll maidir leis an táirge bithicídeach TWP 094 a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid de bhun Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Cé go mbeidh sonraí le soláthar tar éis dheonú an údaraithe, measann an Coimisiún freisin nach ndéanann an méid sin difear don chonclúid maidir le comhlíonadh an choinníll faoi Airteagal 19(1), pointe (d), den Rialachán sin ar bhonn na sonraí atá ann cheana.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, deonaítear údarú Aontais darb uimhir údaraithe EU-0028968-0000 do TROY CHEMICAL COMPANY BV maidir leis an táirge bithicídeacha TWP 094 a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 19 Meitheamh 2023 go dtí an 31 Bealtaine 2033.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA (EU-0028968-0000)

Déanfaidh sealbhóir an údaraithe tástáil i ndáil le stóráil fhadtéarmach ag teocht chomhthimpeallach ar an táirge TWP 094 chun seilfré 12 mhí an táirge bhithicídigh a dheimhniú. Ní mór tástáil ar mhéid an tuaslagtha agus cobhsaíocht an chaolúcháin tar éis stóráil ar feadh 12 mhí ag teocht chomhthimpeallacht a bheith san áireamh sa staidéar. Má bhíonn díghrádú níos mó ná 10 % ann, beidh sonraí éifeachtúlachta agus faisnéis ar na táirgí díghrádúcháin agus ar a dtionchair ar mheasúnú riosca ag teastáil agus cuirfear san áireamh iad.

Soláthróidh sealbhóir an údaraithe tástáil ar chúradh leanúnach agus tástáil ar mhéid an tuaslagtha agus cobhsaíocht an chaolúcháin chun cineál ullmhóide tiúchana intuaslagtha an táirge TWP 094 a dheimhniú.

Faoin 19 Meitheamh 2024 cuirfidh sealbhóir an údaraithe torthaí na tástála agus an fhaisnéis faoi bhráid na Gníomhaireachta.

IARSCRÍBHINN II

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach

TWP 094

Cineál táirge 8 - Leasaithigh adhmaid (Leasaithigh)

Uimhir an údaraithe: EU-0028968-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0028968-0000

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Trádainm (nó trádainmneacha) an táirge**

Trádainm (nó trádainmneacha)	TWP 094 StoPrim Protect W 22 Aqua Holz-Imprägnier-Grund Gjøco Impregnering Aqua Omnia Preservative Voima Aqua Base Aqua IG-16 Aqua Holz-Imprägnierung Induline SW-906 Sadolin QD Wood Preserver WB Holz-Öl Imprägniergrund WX Imprägniergrund W21000 Imprägniergrund W219 Protox Woodprotect B3 Grundingsolie WP GVK-Pohjuste Plus Pinja Base Grundolja Villa Protect Primex Olja plus Primex Olja Valtti Plus Primer Gori Professional Træimprægnering Vandig Sigmalife WB Primer GORI Transparent grunder træværk 11 IM151A profilan-prevent pro impralan-Grund I100 pro impralan-Grund G300 pro impralan-Grund G400 pro Rhenocryl pro-TL 30 EU Rhenocryl pro-TL 45 EU Holzschutzgrund / sous-couche de protection du bois Impregnační základ Impregnačný základ Houtimpregneer Grund pentru protecția lemnului Holzschutzgrundierung Osmo Træimprægnering WR Aqua 4019 Osmo Träimpregnering WR Aqua 4019 Osmo Treimpregnering WR Aqua 4019 Osmo Puunsuojapohjuste WR Aqua 4019 Osmo Color Träimpregnering WR Aqua 4019 Osmo Imprégnation pour le bois WR aqua 4019 Osmo Holz-Imprägnierung WR Aqua 4019 Osmo Impregnace dřeva WR Aqua 4019

	Osmo Impregnácia dreva WR Aqua 4019 Osmo Impregnazione per legno WR Aqua 4019 Osmo Impregnálás WR Aqua 4019 Osmo Impregnat do drewna WR Aqua 4019 Osmo Houtimpregneer WR Aqua 4019 Osmo Imprégnation pour le bois WR aqua 4019 Osmo Holz-Imprägnierung WR Aqua 4019 Osmo Houtimpregneer WR Aqua 4019 Osmo Impregnarea lemnului WR Aqua 4019 Osmo WR Base Coat Aqua 4019 Osmo Color Puiduimmutus WR Aqua 4019 Osmo Impregnēšana kokam WR Aqua 4019 Osmo Impregnavimas WR Aqua 4019 Osmo WR Base Coat Aqua 4019 Osmo Impregnación para madera WR Aqua 4019 Osmo Impregnação para madeira WR Aqua 4019 Osmo Impregnacija lesa WR Aqua 4019 Osmo Impregnacija drva WR Aqua 4019 Flügger 01 Wood Tex Grund-olie Flügger 01 Wood Tex Grund-olja Flügger 01 Wood Tex Grunn-olje Flügger 01 Wood Tex Grundieröl Flügger 01 Wood Tex Primaire Bois Hydrofuge Flügger 01 Wood Tex Olej-gruntujacy Flügger 01 Wood Tex Flügger 01 Wood Tex Grundolie Holzschutzgrund WOODEX AQUA BASE + AM0572/00 Hydroplus protettivo per legno 458-0004/2 Idro Ceopren protettivo per legno HI2550 Linea Blu protettivo per Legno AM0572/00 Hydroplus Wood protection 458-0004/2 IDRO CEOPREN Wood protection HI2550 Linea Blu Wood Protection AA1960 Laqvin Seal 37647 Ronseal Multi-Purpose Wood Treatment 37648 Ronseal Multi-Purpose Wood Treatment MasqueWoodPro 10 CETOL WP 5000-02 BAUFIX Holz-Imprägnierung YM-–M103/——— 674840 HF PROTECTIVE PRIMER W Grundolja V Ronseal Wood Preserver Ronseal Trade Wood Preserver Screwfix Wood Preserver B&Q Wood Preserver Good Home Wood Preserver Sherwin Williams Wood Preserver Ronseal Fence Life Wood Preserver Ronseal Shed & Fence Preserver Castorama Traitement Bois Extérieur Brico Depot Traitement Bois Extérieur Good Home Traitement Bois Extérieur Altax Traitement Bois Extérieur Ronseal Traitement Bois Extérieur Valspar Traitement Bois Extérieur Valspar Pro Traitement Bois Extérieur Sherwin Williams Traitement Bois Extérieur Luxens Traitement Bois Extérieur Castorama Impregnat do drewna Good Home Impregnat do drewna Altax Impregnat do drewna

	Valspar Impregnat do drewna Valspar Pro Impregnat do drewna Sherwin Williams Impregnat do drewna Luxens Impregnat do drewna Castorama Conservant pentru lemn Good Home Conservant pentru lemn Altax pentru lemn Valspar pentru lemn Valspar Pro pentru lemn Sherwin Williams pentru lemn

1.2. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	TROY CHEMICAL COMPANY BV
	Seoladh	Poortweg 4C, 2612PA Delft An Ísiltír
Uimhir an údaraithe	EU-0028968-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0028968-0000	
Dáta an údaraithe	19 Meitheamh 2023	
Dáta éaga an údaraithe	31 Bealtaine 2033	

1.3. **Déantóir (nó déantóirí) an táirge**

Ainm an déantóra	Troy Chemical Company BV
Seoladh an déantóra	Poortweg 4C, 2612 PA Delft An Ísiltír
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Westelijke Randweg 9, 4791 RT Klundert An Ísiltír Industriepark 23, 56593 Horhausen An Ghearmáin Geschwister-Scholl-Straße 127, 39218 Schönebeck/Elbe An Ghearmáin Mecklenburger Str. 229, 23568 Lübeck An Ghearmáin Halchtersche Str. 33, 38304 Wolfenbüttel An Ghearmáin Am Nordturm 5, 46562 Voerde An Ghearmáin Am Alten Galgen 14, 56410 Montabaur An Ghearmáin

Ainm an déantóra	Tikkurila Oyj
Seoladh an déantóra	Kuninkaalantie 1, FI-01301 Vantaa An Fhionlainn
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Kuninkaalantie 1, FI-01301 Vantaa An Fhionlainn uL.Mościckiego 23, 39-200 DĘBICA An Pholainn

Ainm an déantóra	Akzo Nobel Industrial Coatings AB
Seoladh an déantóra	Staffanstorpsvägen 50, 20517 Malmö An tSualainn
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Staffanstorpsvägen 50, 20517 Malmö An tSualainn

Ainm an déantóra	Schulz Farben- und Lackfabrik GmbH
Seoladh an déantóra	An der Altnah 10, 55450 Langenlonsheim An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	An der Altnah 10, 55450 Langenlonsheim An Ghearmáin

Ainm an déantóra	Remmers GmbH
Seoladh an déantóra	Bernhard-Remmers-Straße 13, 49624 Löningen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Bernhard-Remmers-Straße 13, 49624 Löningen An Ghearmáin Füllenbruchstr. 13, 32120 Hiddenhausen An Ghearmáin

Ainm an déantóra	Remmers Industrielacke GmbH
Seoladh an déantóra	Füllenbruchstr. 13, 32120 Hiddenhausen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Füllenbruchstr. 13, 32120 Hiddenhausen An Ghearmáin

Ainm an déantóra	Teknos A/S
Seoladh an déantóra	Industrivej 16, DK-6580 Vamdrup An Danmhairg
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Industrivej 16, DK-6580 Vamdrup An Danmhairg

Ainm an déantóra	Sherwin Williams
Seoladh an déantóra	Thorncliffe Park Estate, Thorncliffe Rd, Chapeltown, S35 2YP Sheffield An Ríocht Aontaithe
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Thorncliffe Park Estate, Thorncliffe Rd, Chapeltown,, S35 2YP Sheffield An Ríocht Aontaithe Kopanińska 7, 60-119 Brodziszewo An Pholainn

Ainm an déantóra	Sherwin-Williams Italy S.r.l.
Seoladh an déantóra	Via Del Fiffo 12, 40065 Pianoro (BO) An Iodáil
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Via Del Fiffo 12, 40065 Pianoro (BO) An Iodáil

Ainm an déantóra	Sherwin-Williams Sweden AB
Seoladh an déantóra	Bellö, 570 32 Hjältevad An tSualainn
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Bellö, 570 32 Hjältevad An tSualainn

Ainm an déantóra	PPG Industries (Dyrup A/S)
Seoladh an déantóra	Gladsaxevej 300, 2860 Gladsaxe An Danmhairg
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Gladsaxevej 300, 2860 Gladsaxe An Danmhairg

1.4. **Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	3-iodo-2-propynylbutylcarbamate (IPBC)
Ainm an déantóra	Troy Corporation
Seoladh an déantóra	8 Vreeland Road, Florham Park, NJ 07105 New Jersey Stáit Aontaithe Mheiriceá
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	One Avenue L, NJ 07105 Newark Stáit Aontaithe Mheiriceá

Substaint ghníomhach	3-iodo-2-propynylbutylcarbamate (IPBC)
Ainm an déantóra	Troy Chemical Company BV
Seoladh an déantóra	Poortweg 4C, 2612 PA Delft An Ísiltír
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Industriepark 23, 56593 Horhausen An Ghearmáin

2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
3-iodo-2-propynylbutylcarbamate (IPBC)		Substaint Ghníomhach	55406-53-6	259-627-5	0,75

2.2. **Cineál foirmlithe**

Aon leacht (AL) nó tiúchán Intuaslagtha (SL) eile

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM**

Ráitis ghuaise	Díobhálach don saol uisceach le héifeachtaí buana. Tá 3-iodo-2-propynyl butylcarbamate (IPBC) ann. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhú ailléirgeach.
Ráitis réamhchúraim	Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol. Diúscair ábhar chuig de réir rialacháin náisiúnta / áitiúla. Diúscair coimeádán chuig de réir rialacháin náisiúnta / áitiúla.

4. **ÚSÁID (NÓ ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1. Úsáid # 1 – Scuabadh agus rolladh (an pobal i gcoitinne, gairmiúil)

An cineál táirge	PT08 - Leasaithigh adhmaid (Leasaithigh)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Fuingicíd.

Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Fungais smáil ghoirm Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Basidiomycetes: Gnáthainm: Fungais donnlobhaidh Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Faoin aer Cóireáil Choisctheach Bogadhmaid Aicme úsáide 2 mar a thuairiscítear i gcaighdeán EN 335:2013 (an cás ina bhfuil an t-adhmad nó an táirge adhmadbhunaithe clúdaithe agus nach bhfuil sé neamhchosanta ar an aimsir (go háirithe báisteach agus báisteach ghaoth-thiománta) ach nuair atá sé ócáideach, ach nach bhfuil sé marthanach, d'fhéadfadh fliuchadh tarlú) Aicme úsáide aicme 3 mar a thuairiscítear i gcaighdeán EN 335:2013 (an cás ina bhfuil an t-adhmad nó an táirge adhmadbhunaithe os cionn na talún agus go bhfuil sé neamhchosanta ar an aimsir (go háirithe báisteach) Féach roinn 6 le haghaidh theidil iomlána na gcaighdeán EN.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: scuabadh agus rolladh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cóireáil dhromchlach
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 100 ml/m² (i gcoinne fungais sú-adhmaid); 150 - 160 ml/m² (i gcoinne fungais lofa adhmaid) Airí caolaithe: - Táirge réidh le húsáid Airí uainithe: 1 úsáid
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil An pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Canna (poileitiléin ard-dlúis) HDPE: 0,375 l, 0,75 l, 1,0 l, 2,5 l, 5,0 l D'úsáid ghairmiúil amháin: HDPE canna: 10 l, 20 l, 25 l

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Ná caolaigh (réidh le húsáid).

Cuir an táirge ar an adhmad le scuab nó le rollóir agus lig dó triomú ar feadh thart ar 24 uair an chloig. Is féidir na huirlisí a ghlanadh le gallúnach éadrom agus uisce.

Caithfear brat uachtair a úsáid. Ní féidir leasaitheach sceo nó adhmaid a bheidh sa bhrat uachtair. Ba cheart an brat uachtair a chothabháil.

Cosnaíonn an táirge an dromchla adhmaid ar fhungais lofa adhmaid ar adhmad atá 'meánmharthanach go beagán marthanach i ndáil le fungais' de réir EN 350:2016: Aicme Marthanachta (DC) 3-4. Féach roinn 6 le haghaidh theideal iomlán na gcaighdeán EN.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Ná húsáid/ná cuir é go díreach ar bhia, ar bheatha nó ar dheochanna nó in aice leo, nó ar dhromchlaí nó uirlisí ar dóigh dóibh a bheith i dteagmháil dhíreach le bia, beatha, deochanna agus beostoc/peataí.

Ná cuir in aice le dobharlaigh uisce dromchla é.

Le linn an táirge a chur (ar adhmaid) agus fad a bheidh na dromchlaí ag triomú, ná truailligh an comhshaol. Ní mór gach caillteanas den táirge a theorannú tríd an talamh a chlúdach (m.sh. le tarpól) agus é a dhiúscairt ar bhealach sábháilte.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach an treoir ghinearálta maidir le húsáid.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach an treoir ghinearálta maidir le húsáid.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach an treoir ghinearálta maidir le húsáid.

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2. Úsáid # 2 – Dipeáil de láimh (gairmiúil)

An cineál táirge	PT08 - Leasaithigh adhmaid (Leasaithigh)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Fuingicíd.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Fungais smáil ghoirm Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Basidiomycetes: Gnáthainm: Fungais donnlobhaidh Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Cóireáil Choisctheach Bogadhmaid Aicme úsáide 2 agus Acime úsáide 3
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: dipeáil de láimh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cóireáil dhromchlach
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 100 ml/m² (i gcoinne fungais sú-adhmaid); 150 - 160 ml/m² (i gcoinne fungais lofa adhmaid) Airí caolaithe: - Táirge réidh le húsáid Airí uainithe: 1 úsáid
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	HDPE canna: 0,375 l, 0,75 l, 1,0 l, 2,5 l, 5,0 l, 10 l, 20 l, 25 l

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Ná caolaigh (réidh le húsáid).

Am triomaithe: Tirim lenaláimhseáil agus chun go mbeidh sé réidh don bhrat uachtair: thart ar 24 uair an chloig.

Glanadh na n-uirlisí: Úsáid uisce agus gallúnach éadrom.

Caithfear brat uachtair a úsáid. Ní féidir leasaitheach sceo nó adhmaid a bheidh sa bhrat uachtair. Ba cheart an brat uachtair a chothabháil.

Cosnaíonn an táirge an dromchla adhmaid ar fhungais lofa adhmaid ar adhmad atá 'meánmharthanach go beagán marthanach i ndáil le fungais' de réir EN 350:2016: Aicme Marthanachta (DC) 3-4. Féach roinn 6 le haghaidh theideal iomlán na gcaighdeán EN.

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Caith lámhainní atá frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán le linn chéim láimhseála an táirgí atá aicmithe faoin gCaighdeán Eorpach EN 374 nó a chomhionann. Ábhar lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge.

Caith culaith chosanta (cineál 6, EN 13034 nó a choibhéis).

Tá sé sin gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais sa réimse sláinte agus sábháilteachta ag an obair.

Féach roinn 6 le haghaidh theidil iomlána na gcaighdeán EN agus na reachtaíochta.

Déanfar an cur trí dhipeáil de láimh ar feadh 30 nóiméad ar a mhéad in aghaidh an lae.

Ná húsáid/ná cuir é go díreach ar bhia, ar bheatha nó ar dheochanna nó in aice leo, nó ar dhromchlaí nó uirlisí ar dóigh dóibh a bheith i dteagmháil dhíreach le bia, beatha, deochanna agus beostoc/peataí.

Le linn an táirge a chur (ar adhmaid) agus fad a bheidh na dromchlaí ag triomú, ná truailligh an comhshaol. Ní mór gach caillteanas den táirge a theorannú tríd an talamh a chlúdach (m.sh. le tarpól) agus é a dhiúscairt ar bhealach sábháilte.

Ní mór adhmad úrchóireáilte a stóráil i ndiaidh cóireála faoi fhoscadh nó ar dhromchla crua neamhscagach chun caillteanais dhíreacha d'ithir agus d'uisce a chosc.

Ba cheart aon chaillteanas a bhailiú lena athúsáid nó lena dhiúscairt.

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach an treoir ghinearálta maidir le húsáid.

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach an treoir ghinearálta maidir le húsáid.

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach an treoir ghinearálta maidir le húsáid.

4.3. **Tuairisc úsáide**

Tábla 3. Úsáid # 3 – Automated dipping, automated spraying, flow coating/deluging (industrial)

An cineál táirge	PT08 - Leasaithigh adhmaid (Leasaithigh)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Fuingicíd.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Fungais smáil ghoirm Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Basidiomycetes: Gnáthainm: Fungais donnlobhaidh Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Cóireáil Choisctheach Bogadhmaid Aicme úsáide 2 agus Acime úsáide 3
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: dipeáil uathoibrithe, spraeáil uathoibrithe, bá/bratú sreafa Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cóireáil dhromchlach. Cosúil le bratú/bá sreafa, glactar leis go bhfuil spraeáil uathoibrithe **ina próiseas iomlán iata** go bunúsach, trína dtarlaíonn nochtadh oibreora go príomha trí adhmad cóireáilte fliuch a láimhseáil.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 100 ml/m² (i gcoinne fungais sú-adhmaid); 150 - 160 ml/m² (i gcoinne fungais lofa adhmaid) Airí caolaithe: - Táirge réidh le húsáid Airí uainithe: 1 úsáid

Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Canna/bulc-choimeádán idirmheánach (IBC) HDPE: 120 l, 220 l, 1 000 l

4.3.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Ná caolaigh (réidh le húsáid).

Am triomaithe:go mbeidh sé tirim ar theagmháil.

Caithfear brat uachtair a úsáid. Ní féidir leasaitheach sceo nó adhmaid a bheidh sa bhrat uachtair. Déanfar an brat uachtair a chothabháil.

Cosnaíonn an táirge an dromchla adhmaid ar fhungais lofa adhmaid ar adhmad atá 'meánmharthanach go beagán marthanach i ndáil le fungais' de réir EN 350:2016: Aicme Marthanachta (DC) 3-4. Féach roinn 6 le haghaidh theideal iomlán na gcaighdeán EN.

4.3.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Ní mór nach ndéanfar an táirge a luchtú isteach i dtrealamh feidhme tionsclaíochta ach trí chóras pumpála/aistrithe lán-uathoibrithe amháin.

Caith lámhainní atá frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán le linn chéim láimhseála an táirgí atá aicmithe faoin gCaighdeán Eorpach EN 374 nó a chomhionann. Ábhar lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge.

Caith culaith chosanta (cineál 6, EN 13034 nó a choibhéis).

Tá sé sin gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais sa réimse sláinte agus sábháilteachta ag an obair.

Féach roinn 6 le haghaidh theidil iomlána na gcaighdeán EN agus na reachtaíochta.

Ní ceadmhach an táirge a úsáid ach i bpróisis dipeála lán-uathoibrithe amháin ina mbíonn gach céim sa phróiseas cóireála agus triomaithe meicnithe agus nach mbíonn láimhseáil láimhe ar bith i gceist, lena n-áirítear nuair a iompraítear na hearraí cóireáilte tríd an umar dipeála chuig an draenáil/triomú agus stóráil (mura bhfuil an dromchla tirim cheana sula mbogfar chuig an stóráil iad). Nuair is iomchuí, caithfidh na hearraí adhmaid a bhfuil cóireáil le déanamh orthu a bheith daingnithe go hiomlán (m.sh. trí chriosanna teannais nó feistí clampála) roimh chóireáil agus le linn an phróiseas dipeála, agus níor cheart iad a láimhseáil de láimh go dtí go mbeidh dromchla na n-earraí cóireáilte tirim.

Déanfar adhmad úrchóireáilte a stóráil i ndiaidh cóireála faoi fhoscadh nó ar dhromchla crua neamhscagach, nó an dá rud, chun caillteanais dhíreacha don ithir, séarachas agus uisce a chosc.

Déanfar aon chaillteanas táirge a bhailiú lena athúsáid nó lena dhiúscairt.

4.3.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach an treoir ghinearálta maidir le húsáid.

4.3.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach an treoir ghinearálta maidir le húsáid.

4.3.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach an treoir ghinearálta maidir le húsáid.

4.4. **Tuairisc úsáide**

Tábla 4. Úsáid # 4 – Próiseas défholúis / ísealbhrú (tionsclaíoch)

An cineál táirge	PT08 - Leasaithigh adhmaid (Leasaithigh)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Fuingicíd.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Basidiomycetes: Gnáthainm: Fungais donnlobhaidh Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Cóireáil Choisctheach Bogadhmaid Aicme úsáide 2 agus Acime úsáide 3
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Próiseas défholúis / ísealbhrú Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Cóireáil choisctheach.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 74.6 - 79.5 kg/m³ Airí caolaithe: 10% de thuaslagán le linn úsáide (1 chuid táirge: 9 gcuid uisce) Airí uainithe: 1 úsáid
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	HDPE canna /IBC: 120 l, 220 l, 1 000 l

4.4.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Am triomaithe: go mbeidh sé tirim ar theagmháil.

4.4.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Ní mór nach ndéanfar an táirge a luchtú isteach i dtrealamh feidhme tionsclaíochta ach trí chóras pumpála/aistrithe lán-uathoibrithe amháin.

Caith lámhainní atá frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán le linn chéim láimhseála an táirgí atá aicmithe faoin gCaighdeán Eorpach EN 374 nó a chomhionann. Ábhar lámhainní le sonrú ag sealbhóir an údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge.

Caith culaith chosanta (cineál 6, EN 13034 nó a choibhéis).

Tá sé sin gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 98/24/CE ón gComhairle agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais sa réimse sláinte agus sábháilteachta ag an obair.

Féach roinn 6 le haghaidh theidil iomlána na gcaighdeán EN agus na reachtaíochta.

Déanfar adhmad úrchóireáilte a stóráil i ndiaidh cóireála faoi fhoscadh nó ar dhromchla crua neamhscagach, nó an dá rud, chun caillteanais dhíreacha don ithir, séarachas nó uisce a chosc.

Déanfar aon chaillteanas táirge a bhailiú lena athúsáid nó lena dhiúscairt.

4.4.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach an treoir ghinearálta maidir le húsáid.

4.4.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach an treoir ghinearálta maidir le húsáid.

4.4.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach an treoir ghinearálta maidir le húsáid.

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ([1])

5.1. Treoracha úsáide

Cloígh leis na treoracha úsáide.

Ná húsáid an táirge ar adhmad nó ar struchtúir adhmaid atá beartaithe lena n-úsáid laistigh, ach amháin i gcás dromchlaí inmheánacha d'fhrámaí fuinneog seachtrach agus doirse seachtracha/frámaí dorais sheachtraigh.

Caithfidh an teocht a bheith os cionn 5°C agus caithfidh an bogthaise choibhneasta a bheith faoi 80% le linn an chuir agus an triomaithe.

Measc an táirge roimh úsáid.

Seachain teagmháil leis an gcraiceann agus leis na súile.

Nigh do lámha agus d'aghaidh i ndiaidh an táirge a chur agus a úsáid, agus roimh ithe, ól nó caitheamh tobac.

5.2. Bearta maolaithe riosca

Ná húsáid ar adhmad a d'fhéadfadh teagmháil dhíreach a dhéanamh le bia, beatha agus beostoc.

5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

MÁ SLOGTAR É: Má thagann siomptóim ort cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ TÁ SÉ AR AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann le huisce.Má thagann siomptóim ort cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ TÁ SÉ SNA SÚILE: Má thagann siomptóim ort sruthlaigh in uisce. Bain lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus má tá sé éasca sin a dhéanamh. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Má thagann siomptóim ort cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Agus comhairle leighis á lorg agat, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge in aice láimhe.

5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Ní mór an táirge seo agus a choimeádán a dhiúscairt go sábháilte mar dhramhaíl ghuaiseach.

Ní mór táirge ar bith a bhaileofar le linn an chuir nach n-athúsáidtear a dhiúscairt go sábháilte mar dhramhaíl ghuaiseach.

Déan pacáistiú agus táirge neamhúsáidte a dhiúscairt de réir rialacháin áitiúla. Más gá, téigh i gcomhairle le hoibreoir dramhaíola gairmiúil nó le húdarás áitiúil.

5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Coinnigh ar shiúl é ó rochtain leanaí agus ainmhithe/peataí nach sprioc-ainmhithe iad.

Ná stóráil in aice le bia, deoch agus ábhar beatha ainmhithe.

Seilflré: 12 mhí.

Stóráil faoi 35°C

Stóráil in áit fhionnuar thirim, atá aeráilte go maith.

Cosain ar shiocán.

Cosain ar sholas.

Ní mór coimeádáin oscailte a athshéalú go cúramach agus a choinneáil ina seasamh chun sceitheadh a chosc.

([1]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe.

6. **FAISNÉIS EILE**

Maidir le hÚsáid 1 agus Úsáid 2: Gairmithe agus/nó gairmithe oilte má éiltear sin leis an reachtaíocht náisiúnta.

Teidil iomlána na gcaighdeán EN agus na reachtaíochta a luaitear i roinn 4.1.1, 4.2.1, 4.3.1, 4.2.2, 4.3.2 agus 4.4.2:

EN 335:2013 - Marthanacht adhmaid agus táirgí adhmadbhunaithe - Aicmí úsáide: sainmhínithe, cur ar adhmad soladach agus ar tháirgí adhmadbhunaithe

EN 350:2016, Marthanacht adhmaid agus táirgí adhmadbhunaithe - Tástáil agus aicmiú na marthanachta i ndáil le hoibreáin bhitheolaíocha adhmaid agus ábhar adhmadbhunaithe

EN 374 – Lámhainní cosanta in aghaidh ceimiceán contúirteacha agus ar mhiocrorgánaigh. Cuid 1: téarmaíocht agus ceanglais feidhmíochta maidir le rioscaí ceimiceacha.

EN 13034 -Éadaí cosanta in aghaidh ceimiceán leachtacha. Ceanglais feidhmíochta maidir le héadaí cosanta ceimiceán a thairgeann feidhmíocht chosanta teoranta in aghaidh ceimiceán leachtacha (trealamh Cineál 6 agus Cineál PB [6]).

Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le cosaint sláinte agus sábháilteachta oibrithe ar rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha san ionad oibre (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE). (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11.